TUARASCÁIL & CUNTAIS 2004

Ospidéal Naomh Eoin
Luimneach
Éire

IHSAB Accredited HOSPITAL

Ráiteas Bunchuspóra

Dílis dár dtraidisiún, soláthraímid an caighdeán cúraim agus cóireála is fearr is féidir, ar mhodh gairmiúil trócaireach, do gach duine a bhaineann leas as ár seirbhís

CLÁR

	Leathanach
Réamhrá	*3*
Tuarascáil Dheireadh na Bliana	*4-7*
Bord Gobharnóirí	*8*
Coiste Bainistíochta	*9*
Tuairiscí Rannacha	
Taismí & Éigeandáil	*10*
Riaracháin	*11-12*
Ainéistéise agus Bainistiú Péine	*13*
Ceannach Lárnach agus Stóras	*14*
Aonad Cúraim Lae	*15*
Cothú Sláinte	*16*
Míochaine	*17*
Altranas	*18*
Sláinte Ghairme	*19*
Paiteolaíocht	*20*
Cógaisíocht	*21-22*
Fisiteiripe	*23*
Raideolaíocht	*24*
Máinliacht	*25*
Staitisticí Othair	*26-27*
Foireann Mhíochaine Shinsearach	*28*
Tuairisc an Iniúchóra agus Cuntais Iniúchta	*29*

Réamhrá

Is ábhar áthais dom, mar Chathaoirleach Bhord na nGobharnóirí agus an Choiste Bainistíochta, an Réamhrá seo chur ar fáil do Thuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 2004.

Bhí feidhmíocht airgeadais an Ospidéil i 2004 thar a bheith sásúil. Tugadh an barrachas de €121,000 a baineadh amach i 2003, ar aghaidh go 2004, de réir threoirlínte na Roinne Sláinte & Leanaí. De thoradh an bharrachais seo, an mhaoinithe bhreise a fuarthas i rith na bliana agus dea-bhainistiú airgeadais, bhí barrachas carnaithe de €481,000 ann faoi dheireadh 2004. Rachaidh an staid dhearfach airgeadais seo ag deireadh na bliana chun sochair go mór do staid airgeadais 2005. Bhí leibhéil ghníomhaíochta 2004 ag teacht lena raibh ann i 2003, agus cuimsíonn an Tuarascáil na mionstaitisticí gníomhaíochta.

Bhronn Bord Creidiúnaithe Sheirbhísí Sláinte na hÉireann stádas Creidiúnaithe ar an Ospidéal in Eanáir 2004. Ba é Ospidéal Nmh. Eoin an chéad ospidéal poiblí a bhain stádas creidiúnaithe amach agus ag deireadh na bliana ba é fós an t-aon Ospidéal poiblí a creidiúnaíodh. Is fianaise ar thiomantas, dianobair agus diongbháilteacht na foirne uile an móréacht seo. Láthair thagartha anois é Ospidéal Nmh. Eoin do na hospidéil eile atá ag gabháil don phróiseas creidiúnaithe agus tá an-chuid ospidéal eile tar éis cuairt a thabhairt ar Ospidéal Nmh. Eoin ag lorg léargais ar an tslí inar thugamar faoi agus inar stiúraíomar an próiseas. Chabhraigh aimsiú an stádais chreidiúnaithe go mór leis an Ospidéal maoiniú breise a fháil ón Roinn Sláinte & Leanaí chun tabhairt faoi fhadhbanna ar leith agus cheadaigh an Roinn, freisin, Foireann Tionscadail a cheapadh i Meán Fómhair 2004 don Fhorbairt Chaipitiúil a bhí molta.

Forfheidhmíodh Clár Athchóirithe na Seirbhíse Sláinte le linn 2004, tar éis reachtú an Acht Sláinte nua agus bunú Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS). Sa tréimhse roimh reachtú Acht Sláinte 2004, bhí na hOspidéil Dheonacha buartha faoi na himpleachtaí a fhéadfadh a bheith ann dá rialachas agus dá stádas neamhspleách. B'ábhar áthais don Choiste Bainistíochta a fheiceáil go gcoinneoidh na hOspidéil Dheonacha a gcreata reachtacha féin, agus gur mar sholáthróirí seirbhíse agus ar bhonn sainchonarthaí seirbhíse a chomhlíonfaidh siad a ndualgais fhoirmeálta d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte faoi Acht Sláinte 2004. Beidh Ospidéal Nmh. Eoin ina chuid de ghréasán ospidéal géarmhíochaine i Limistéar Meán-Oirthir an FSS agus réamh-mheastar go ndíreoidh an gréasán ar chomhordú agus ar fhorbairt seirbhísí na n-ospidéal géarmhíochaine ón bpeirspictíocht réigiúnach agus náisiúnta de. Cheana féin tá ról suntasach glactha ag Ospidéal Nmh. Eoin i bhforbairt agus i gcomhordú seirbhísí na n-ospidéal géarmhíochaine sa réigiún, le comhcheapadh Comhairleoirí agus breis chomhoibrithe i bhforbairt seirbhísí nua.

Thar ceann an Choiste Bainistíochta, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le bainistíocht agus foireann an Ospidéil as a dtiomantas ó thaobh seirbhísí den chaighdeán is airde cúraim agus cóireála a sholáthar go gairmiúil atruach do na daoine uile a bhaineann leas as ár seirbhísí.

+Donal Murray, D.D.,
Easpag Luimní

TUARASCÁIL DON BHLIAIN DÁR CHRÍOCH 31Ú NOLLAIG, 2004

Tugann an Tuarascáil Bhliantúil seo don bhliain dár chríoch 31ú Nollaig 2004, na sonraí feidhmíochta airgeadais agus na leibhéil gníomhaíochta i 2003 agus 2004. Baintear na staitisticí gníomhaíochta as an méid a cuireadh faoi bhráid na Roinne Sláinte agus Leanaí. Glactar sonraí airgeadais ó na Cuntais Iniúchta, agus tá cóip de na Cuntais Iniúchta ar fáil leis seo.

GNÍOMHAÍOCHT

Cuimsíonn tuairiscí na ranna ar leith an ghníomhaíocht ina gceantair féin agus tugtar na staitisticí gníomhaíochta foriomlána ar leathanaigh 27 agus 28.

AIRGEADAS

Tá figiúirí comparáideacha 2004 agus 2003 léirithe anseo thíos, faoi chinnteidil an chaiteachais agus ioncaim fhoriomláin. Ba é €121,000 an t-easnamh carntha ar an 31 Nollaig 2003 agus tugadh sin ar aghaidh go 2004, de réir threoirlínte na Roinne. Bhí barrachas de €481,000 ann ar an 31 Nollaig 2004.

	2004	**2003**	**% Méadú/ (Laghdú)**
(BARRACHAS)/EASNAMH T/AA ÓN MBLIAIN ROIMHE	**(121)**	**369**	
TUARASTAL/PÁ	17,465	16,661	4.83 %
EARRAÍ/SEIRBHÍSÍ	6,968	5,467	27.45 %
CAITEACHAS IOMLÁN	24,312	**22,497**	8.07 %
IONCAM	5,609	4,891	14.68 %
CAITEACHAS GLAN	18,703	**17,606**	6.23 %
LEITHDHÁILEADH ÓN ROINN SLÁINTE & LEANAÍ	19,184	**17,727**	8.22 %
(BARRACHAS)/EASNAMH	(481)	**(121)**	

TUARASTAIL AGUS PÁ

Bhí 71.84% de chaiteachas iomlán 2004 comhdhéanta de thuarastail agus pá, méadú €0.804m (4.83%) ar 2003, de thoradh na Tagarmharcála ach go háirithe.

EARRAÍ AGUS SEIRBHÍSÍ

Tháinig méadú €1,501,000 (27.45%) ar chostas foriomlán earraí agus seirbhísí agus ba iad na réimsí inar tharla athruithe suntasacha:-

	2004 €'000	2003 €'000	% Méadú/ (Laghdú)
FUIL/TÁIRGÍ FOLA	291	240	21 %
SOLÁTHAIRTÍ SAOTHARLAINNE	126	0	---
TREALAMH MÍOCHAINE EILE	624	19	3,184%
SOLÁTHAIRTÍ X-GHATHACHA	86	62	39%
COTHABHÁIL	367	207	77%
ÁRACHAS – COSAINT MHÍOCHAINE	86	299	(71 %)
SOLÁTHAIRTÍ OIFIGE	305	214	43%
SOLÁTHAIRTÍ RÍOMHAIRE/ CONARTHAÍ DÓIBH	204	76	168%
DROCHFHIACHA DÍSCRÍOFA	171	50	242%
COIGEARTÚ SOLÁTHAIR D'FHIACHA AMHRASACHA	226	70	223%

- Mhéadaigh an caiteachas ar fhuil de thoradh úsáid breise agus méadú costais.
- Ceannaíodh trealamh saotharlainne agus trealamh míochaine eile as maoiniú Neamh-Chaipitiúil.
- Mhéadaigh costais x-ghathaithe de bharr caiteachais bhreise ar chothabháil trealaimh.
- Mhéadaigh caiteachas ar chothabháil ghinearálta i ngach réimse den ospidéal agus, freisin, ar thionscadail ar leith ar nós deisiúcháin an bhalla teorann.
- Árachas – laghdaigh na costais Chosanta Míochaine tar éis an Scéim Slánaíocht Cliniciúil a bheith tugtha isteach.
- Chuimsigh an costas méadaithe ar Sholáthairtí Oifige, uasghrádú an chórais teileafóin.
- Bhí laghdú €92,000 ar an maoiniú Caipitiúil a fuarthas le haghaidh caiteachas ríomhaireachta, agus dá thoradhsan, bhí méadú ar na costais ríomhaireachta a cuireadh mar mhuirear ar an maoiniú Neamh-Chaipitiúil.
- Bhí méadú ar Dhrochfhiacha de thoradh díscríobh seanfhiacha. Measadh go mbeadh sé stuama an soláthar le haghaidh drochfhiacha agus fiacha amhrasacha a mhéadú.

IONCAM

Tháinig méadú €0.718m (14.68%) ar ioncam i 2004. Ba iad na príomhréimsí ina tharla athruithe suntasacha:-

	2004 **€'000**	2003 **€'000**	% Méadú/ (Laghdú)
Táillí Reachtúla na nOthar Cónaithe	347	291	19 %
Táillí na nOthar Príobháideach/ Leathphríobháideach	3,445	2,996	15 %
Táillí eile na nOthar Cónaithe	35	2	1,650 %

- Mhéadaigh an t-ioncam ó Othair Chónaithe agus Phríobháideacha/Leathphríobháideacha de thoradh mhéadú 15% ar tháillí.

- Bhain Táillí eile na nOthar Cónaithe le hothair Neamh-AE agus tá an t-ioncam ón fhoinse seo bainteach go díreach leis an líon náisiúnach Neamh-AE a fuair cóireáil san ospidéal.

An tAcht um Íoc Pras Cuntas – Ráiteas

De ghnáth íoctar soláthróirí laistigh de thríocha lá tar éis sonrasc a fháil, nó na hearraí nó seirbhísí a bheith seachadta, cibé ceann is déanaí.

Déantar na híocaí a bhaineann le conarthaí a chaibidligh Grúpa Seirbhísí Soláthair an Ospidéil, ag deireadh míosa tar éis na míosa ina bhfuarthas an sonrasc nó a seachadadh na hearraí, cibé ceann is déanaí.

I 2004 bhí seacht n-íocaí déag mhalla ann, de €46,318 in iomlán, a chothaigh ús ar íocaí malla de €217.

Ba é 2.2% d'iomlán na n-íocaí, comhréir foriomlán na n-íocaí malla i dtéarmaí airgid i rith 2004.

FORBAIRT AN OSPIDÉIL

Foireann Tionscadail a cheapadh don Phlean Forbartha

Choinnigh ionadaithe an Ospidéil leis an Roinn Sláinte & Leanaí i gcónaí, d'fhonn Plean Forbartha an Ospidéil a chur chun cinn. Chas an Príomhfheidhmeannach agus an Bainisteoir Airgeadais agus Tionscadal le hofigigh shinsearacha na Roinne i Lúnasa 2004 agus, tar éis an chruinnithe sin, cheadaigh an Roinn i Meán Fómhair 2004 go mbunófaí Foireann Tionscadail agus d'ainmnigh sí ionadaithe ar an bhFoireann.

Forbairt Stóráil na dTaifead Míochaine

D'aontaigh an Roinn Sláinte & Leanaí go maoineoidís forbairt ar Roinn Taifead Míochaine nua a d'éascódh stóráil chairt na n-othar uile. Tionscnaíodh obair ar an Roinn Taifead Míochaine nua i Samhain 2004, agus sceidealadh Aibreán 2005 mar spriocdháta.

CLÁR ATHCHÓIRITHE SLÁINTE

Níor cuireadh Grúpa Forfheidhmithe Thuarascáil Hanley i gcrích de bharr saincheisteanna a bhain le Dliteanas Fiontair. Forfheidhmíodh an Clár Leasaithe Sláinte, agus ón 1 Eanáir 2005 beidh Feidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte freagrach as seirbhísí sláinte agus seirbhísí sóisialta pearsanta a sheachadadh.

CEAPACHÁIN AGUS SCOIR

Tá liosta ceapachán agus scor faoi gach seirbhís/roinn.

BUÍOCHAS

Gabhaim buíochas ó chroí leis an bhfoireann uile as a gcomhoibriú agus a dtiomantas leanúnach i gcónaí.

Chaith "Cairde Ospidéal Nmh. Eoin" an-chuid ama agus iarrachtaí ag tiomsú airgid don Ospidéal. Táimid an-bhuíoch díobh as a dtacaíocht agus a dtiomantas.

Tá ár mbuíochas ag dul don Aire Sláinte agus Leanaí agus dá Fheidhmeannaigh, freisin, as a gcúnamh, comhairle agus tacaíocht leanúnach.

_____

Tim Kennelly
Príomh-Fheidhmeannach

OSPIDÉAL NMH. EOIN

AN BORD GOBHARNÓIRÍ - 2004/2005

CATHAOIRLEACH

An Sár-Oirmh. Donal Murray, D.D., Easpag Luimnigh, "Kilmoyle", An Cuar-Bhóthar Thuaidh, Luimneach.

COMHALTAÍ

Ex-Officio
An tOnórach, an Clr. Dick Sadlier, Méara Luimnigh.
An Ró-Oirmh. D. Mullane, Riarthóir Pharóiste Nmh. Eoin, Luimneach
An Ró-Oirmh. D. O'Malley, S.P., Paróiste Mhuire, Luimneach.
An Ró-Oirmh. N. Kirwan, S.P., Paróiste Nmh. Micheál, Luimneach.
An Ró-Oirmh. M. Canon Liston, S.P., Paróiste Nmh. Mainchín, Luimneach.
An Ró-Oirmh. E. Irwin, S.P., Paróiste Phádraig, Luimneach.

Ainmnithe M.C.M.
An tSr. Celine Bourke, 12 An Ascaill, Mainéar na Gráinsí, Leamhcán, Co. Bhaile Átha Cliath.
An tSr. Mary Morrisroe, Milford House, Caladh an Treoigh, Luimneach.

Ainmnithe Bhardas Luimnigh
An Clr. Larry Cross, "St. Anthony's", Páirc Íocht., An Corrbhaile, Luimneach.
An Clr. Kieran O'Hanlon, Rhebogue, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Luimneach.
An Clr. Lilly Wallace, 99 Páirc Ghlascú, Baile an Róistigh, Luimneach.
An Clr. Kieran Walsh, 12 Céide Nmh. Mainchín, Bruacha na Sionainne, An Corrbhaile, Luimneach.

Gobharnóirí Saoil
P.E. Burke, B.Sc., M.D., F.R.C.S., F.R.C.S.I., 2 Bailtíní Verona, Ascall Uí Chonaill, Luimneach.
G.L. Cantillon, M.Ch., 4 Cearnóg Pery, Luimneach.
Brendan Conroy, M.D., F.F.A.R.C.S.I., "Fairbanks", Áthán, Lios na Graí, Co. Luimnigh.
Morgan Costelloe, M.B., B.Ch., B.A.O., 13 Sr. Barrington, Luimneach.
Cornelius J. Cronin, M.B., B.Ch., F.R.C.P.I., Cé an Loca, Sean-Sráid an Chláir, Luimneach.
Peter N. Faul, M.B., M.R.C.Path., An Roinn Paiteolaíochta, Ospidéal Nmh. Eoin, Luimneach.
Joseph G. Geary, F.C.A., A.I.T.I., St. Anne's, An Cuar-Bhóthar Theas, Luimneach.
An tSr. Mary Hassett, Mion-Chuallacht Mhuire.
Josephine Hennessy, 129 Páirc Chloch an Mhéara, Luimneach.
Patricia Humphreys, M.B., F.F.A.R.C.S.I., Teach an Bhriotáis, An Briotás, Co. Luimneach.
Raphael Keane, B.A., M.Ch., F.R.C.S.I., Aonad 1A, Cé an Loca, Sean-Sráid an Chláir, Luimneach.
John T. Leahy, M.B., F.R.C.P.I., Crooked Stick, Baile na gCloch, Co. Luimnigh.
Joseph Lee, M.B., M.S., F.F.A.R.C.S.I., "Eskeragh", Cluain Mhaicín, Luimneach.
Mary McCarthy, 13 Ardán Osmington, Sparr Thuamhan, Luimneach.
John McCormack, M.B., F.F.A.R.C.S.I., 15 Clós Ghleann na Cluana, An Ráithín, Luimneach.
Anne McMahon, M.D., F.R.C.P.I., D.C.H., 3 Plásóg na Cluana, An Ráithín, Luimneach.
Dermot Molony, M.B., M.A.O., F.R.C.O.G., 10 An Corrán, Luimneach.
Eithne Molloy, M.B., F.F.C.P.I., Ospidéal Nmh. Eoin, Luimneach.
D. O'Keeffe, M.B., B.Ch., B.A.O., D.O.,(LOND), An Bungaló, Cuar-Bhr. Thuaidh, Luimneach.
J.P. Roche Esq., Ballinacourty House, Lios na Graí, Co. Luimnigh.

OSPIDÉAL NMH. EOIN

COISTE BAINISTÍOCHTA – 2004/2005

CATHAOIRLEACH

An Sár-Oirmh. Donal Murray, D.D., Easpag Luimnigh, "Kilmoyle", An Cuar-Bhóthar Thuaidh, Luimneach.

COMHALTAÍ

An tOnórach, An Clr. Dick Sadlier, Méara Luimnigh.
An Ró-Oirmh . D. Mullane, Riarthóir, Paróiste Nmh. Eoin, Luimneach.
An tSr. Celine Bourke, M.C.M.
An tSr. Mary Morrisroe, M.C.M.
An Dr. Peter N. Faul, M.B., M.R.C.Path., (Rúnaí an Bhoird Mhíochaine)
An Dr. E. Mulloy, M.B., F.F.C.P.I.., (Cathaoirleach an Bhoird Mhíochaine)
Mr. J.P. Roche.

Príomh-Fheidhmeannach: Tim Kennelly
Stiúrthóir Altranais: Ms. Kay Hogan
Séiplíneach: An tAth. Oirmh. Liam Enright

NA RANNA TAISMÍ & ÉIGEANDÁLA / EISOTHAR – 2004

Comhairleoir Míochaine T&É:	**An Dr. Gareth Quin**
Foireann Mhíochaine T&É:	**An Dr. Morgan Costelloe**
	An Dr. Ursula Whelan-Burke
	Mr. Ashraf Butt
	An Dr. Abdul Moid
	An Dr. Abbas Ali Shah
	An Dr. Syed Ali Shah
Bainisteoir Altrais Chliniciúil 2:	**Ms. Bernadette Carroll**

Taisme & Éigeandáil

D'fhreastail 20,604 othar in iomlán ar T&É i 2004, méadú 279 ar 2003. Go huimhriúil, níorbh ann ach méadú beag, ach ba mhó go mór méadú ar an ualach oibre de bharr an mhéadaithe ar líon na n-othar *Triage* i gCatagóir 2 ó 40 i 2003 go 344 i 2004, agus ar líon na n-othar i gCatagóir 3 ó 2,092 i 2003 go 5,117 i 2004. Tá ardleibhéal spleáchais ag baint leis na hothair seo agus éilíonn siad cúram níos speisialaithe.

Lean altraí T&É orthu ag glacadh páirt i gCúrsa Cúram Altranais Tráma agus chríochnaigh ceathrar altraí breise an cúrsa go rathúil i 2004. Thosaigh Ms. Michelle Fitzpatrick, BAC1, ag eagrú an chéad Chúrsa Tacaíocht Beatha Ardchairdiach in Ospidéal Nmh. Eoin, agus tá sé sceidealta le bheith sa Roinn T&É in Eanáir 2005.

Leithdháileadh Cúntóir Cúraim Shláinte ar an Roinn T&É le haghaidh 19.5 uaire an chloig sa tseachtain. Chuaigh Ms. Mary O'Brien, Grád IV ar dualgas sa roinn agus ceapadh Ms. Sinéad Stone mar Chléireach Barda T&É.

Chuaigh an tAltra Foirne, Ms. Anne Chawke, ar scor i nDeireadh Fómhair 2004 agus d'éirigh Mr. Ashraf Butt as i Samhain 2004.

An Roinn Eisothar

D'fhreastail 11,130 othar in iomlán ar an REO i 2004, méadú 566 ar 2003. Tá sé deacair aon seirbhísí breise a thabhairt isteach faoi láthair de bharr ganntanas spáis agus sceideal atá lán cheana féin.

Thionscain an Dr. Liam Casserly, Neafreolaí/Gnáth-Lia clinic mhíosúil agus tosaíodh plé faoi éascaíocht a dhéanamh do Ms. Anne Merrigan, Lia Brollaigh Comhairleach, atá le dul i mbun dualgais in Eanáir 2005.

` oooo0oooo

AN ROINN RIARACHÁIN – 2004

Príomh-Fheidhmeannach:	**Mr. Tim Kennelly**
Leas-Phríomhfheidhmeannach:	**Ms. Josephine Hennessy**
Bainisteoir Airgeadais/Tionscadal:	**Mr. John Cummins**
Comhordaitheoir Seirbhísí Bainistíochta Faisnéise:	**Ms. Patricia Keeshan**
Bainisteoir Acmhainní Daonna:	**Mr. Frank White**
Cuntasóir:	**Mr. Michael Corcoran**
Comhordaitheoir Seirbhísí Clinice:	**Ms. Julie Cotter**
Bainisteoir T.F.C. :	**Ms. Frances Sheahan**

Creidiúnú
Tar éis an dámhachtain Creidiúnaithe a bhaint amach, dhírigh an tOspidéal ar an gcuairt leantach a tugadh in Aibreán 2004. I measc na saincheisteanna ar tugadh fúthu bhí athbhreithniú ar bhonneagar an A.D.C., *C.S.S.D*., áiseanna sláintíochta, áiseanna leithlise agus an clár um Fheabhsú Caighdeán. Cuireadh bonn foirmeálta faoin bpróiseas leanúnach maidir le feabhsú caighdeán, trí Phlean um Fheabhsú Caighdeán a fhorbairt. Chuir an tOspidéal Tuarascáil 12 mí ar an Dul Chun Cinn ar fáil i nDeireadh Fómhair 2004, agus bhí mionchuntas ann ar na moltaí a luadh i dTuarascáil an tSuirbhé agus ar na tionscnaimh maidir le feabhsú caighdeán a bunaíodh tar éis an tsuirbhé. An chéad chéim eile sa phróiseas ná cuairt Athbhreithnithe 18 mí in Aibreán 2005.

Deontas Sábháilteachta/Feabhsú Caighdeán
Thug Bord Creidiúnaithe Sheirbhísí Sláinte na hÉireann cuireadh don Ospidéal i Samhain 2004 cur isteach ar dheontas aonuaire le haghaidh feabhsú caighdeán/sábháilteacht. Tá an deontas oscailte d'éagraíochtaí a théann faoin bpróiseas creidiúnaithe. Is é aidhm an deontais, cabhrú le hospidéil na saincheisteanna sábháilteachta agus/nó feabhsaithe caighdeán a sainaithníodh mar chuid den tsuirbhé creidiúnaithe, a choigeartú. I measc na bhfeabhsúchán a bhaineann go sonrach leis na cinntí i dTuarascáil Ospidéal Nmh. Eoin, bhí:-

- Suiteáil córais teiliméadraigh a éascóidh cianmhonatóireacht ar othair. Feictear go gcabhróidh seo linn, go pointe, aghaidh a thabhairt ar an laghdú 25% ar líon na leapacha sa A.D.C., rud a d'éiligh an dámhachtain Chreidiúnaithe.
- Cainéal oideachais a sholáthar chun díriú ar shaincheisteanna sláinte.

Scor
D'éirigh Mrs. Philomena Aylward as a post in Eanáir 2004 tar éis di feidhmiú mar bhall den fhoireann Chléireachais/Riaracháin ar feadh níos mó ná cúig bliana is fiche. Thug sí cion tairbhe ábhalmhór don Ospidéal thar na blianta, mar bhall foirne agus mar bhall ceannais de "Chairde Ospidéal Nmh. Eoin". I bhfianaise an mheasa a bhí ag daoine uirthi, d'fhreastail líon mór seanbhall agus ball reatha ón bhfoireann ar a cóisir scoir. Guíonn a comhghleacaithe agus a cairde uile tréimhse scoir fhada shonasach ar Phil.

Acmhainní Daonna (A.D.)

Is iad príomhfheidhmeanna na Roinne Acmhainní Daonna:-

- Pleanáil agus earcú foirne
- Oiliúint agus forbairt foirne
- Caidreamh le fostaithe/tionsclaíoch

- Riarachán A.D.

I measc gníomhaíochtaí 2004 bhí:

- Earcaíocht & Roghnúchán – reachtáladh 33 comórtas.
- Oiliúint & Forbairt:
  Beartas um Dhínit ag Obair do na Seirbhísí Sláinte – sholáthraigh AD 7 seisiún.
  Cumarsáid & Scileanna Seirbhíse Custaiméara – sheachadaigh an Foras Riaracháin é seo sa teach agus d'fhreastail 14 ball foirne air.
  Clár Scileanna Caidrimh Thionsclaígh (CT) – sheachadaigh Cónaidhm na bhFostóirí (*IBEC*) é sa teach agus d'fhreastail 13 ball foirne air.
  Scileanna Agallaimh – sheachadaigh *IBEC* é sa teach agus d'fhreastail 13 ball foirne air.
- Caidreamh Tionsclaíoch / le Fostuithe:
  Phléigh an Roinn le roinnt saincheisteanna faoi Chaidreamh Tionsclaíoch/Caidreamh le Fostuithe ag an leibhéal áitiúil. Thug an Coimisiún um Chaidreamh Oibre cuidiú chun cúrsaí a láimhseáil ar roinnt ócáidí ar leith. Ní dhearnadh aon ghníomhaíocht thionsclaíoch áitiúil san Ospidéal i 2004. Rinneadh dul chun cinn ar fhorfheidhmiú moltaí an athbhreithnithe neamhspleáigh a rinneadh ar sheirbhísí lónadóireachta i Nollaig 2003.

Bainistiú Riosca

Rinneadh athstruchtúrú ar an roinn le linn 2004, agus forbraíodh agus gníomhaíodh Cláir chuimsitheacha Bainistíochta Riosca.

Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (T.F.C.)

Na hathruithe atá ag teacht ar an teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide, sa tionscal agus ag an leibhéal náisiúnta, maidir le teicneolaíocht faisnéise na seirbhísí sláinte, tá creat cruthaithe acu trína bpleanálann agus a mbainistíonn ár roinn T.F.C. córais T.F.C. an Ospidéil. D'éirigh Ms. Frances Shehan, Bainisteoir T.F.C. as a post i Samhain 2004.

oooo0oooo

AN ROINN AINÉISTÉISE AGUS BAINISTIÚ PÉINE – 2004

Ainéistéisithe Comhairleacha

An Dr. J. Lee, An Dr. B. Conroy, An Dr. F. Khan (sealadach)

An Dr. P.J. Breen, An Dr. J. Kennedy, An Dr. R. McEllistrem (tiomantais seisiúnacha)

Lean an roinn uirthi ag leathnú a cuid imeachtaí, agus i dtreo dheireadh 2004 i gcomhar leis an roinn Cógaisíochta, d'earcaigh an roinn Cógaiseoir Cliniciúil Taighde atá a gabháil de M.Sc. Déanann sí staidéir i gcomhar leis an Scoil Cógaisíochta in COC agus Ospidéal Nmh. Eoin. I Samhain 2004, tionscnaíodh Altraspeisialtóir Chliniciúil (ASC) tiomnaithe i Rialú Péine, ar feadh 19.5 uaire sa tseachtain, mar thús. D'fhreastail an Cógaiseoir agus an tAltra Péine araon ar chruinniú sna S.A. a thairg athbhreithniú cuimsitheach ar bhainistiú géarphéine agus péine ainsealaí. I Meitheamh, chuaigh an Dr. Conroy agus Patricia Moloney, ASC i Rialú Péine, go dtí an Bheilg chun néaramodúlú a athbhreithniú. Shocraigh an roinn go bhfaighfí, do choimpléasc na hamharclainne, nuathrealamh monatóireachta ainéistéise agus, freisin, trealamh a lamhálann soláthar ainéistéise lán-infhéithí (iondoirteadh iomlán leanúnach) a thugann rogha teiripeach eile le haghaidh ainistéise, agus tá sin faoi stiúrú an Dr. Fasih Khan go háirithe.

Reáchtáiltear léachtaí cliniciúla agus taighde gach maidin Luain, de ghnáth. Maidir le seirbhísí péine, fuaramar acmhainn fhluarascópach, le tábla oiriúnach agus lotaire radaimhinicíochta. Tá ríomhchláraitheoir againn anois a lamhálann ríomhchlárú spreagadh corda an dromlaigh agus ríomhchlárú intéiceach (seachadadh caidéil), agus beidh sin ar an gcéad chomhpháirt eile den tseirbhís péine in Ospidéal Nmh. Eoin.

Gné eile a ghlac Patricia Moloney, ASC i Rialú Péine, mar chúram uirthi féin ab ea oiliúint inseirbhíse do bhaill na foirne ar Anailgéise Othar-Rialaithe (AOR) agus, níos tábhachtaí, comhleá eipeadúrach, d'fhonn na hothair seo a bhainistiú sa bharda, más féidir.

Le fás chlinic na n-eisothar agus líon méadaithe d'eisothair ag dul tríd an mBarda Lae le haghaidh gnáthaimh péine, réamh-mheastar go gcuirfear le tréimhse na ngnáthamh amharclainne, chomh fada le liosta lae iomláin, b'fhéidir, san aonad Lae.

San Aonad Dianchúraim, tá feabhas curtha againn ar ár gcumas chun monatóireacht a dhéanamh ar othair i mbaol báis trí mhonatóir aschuir chairdiaigh *PICCO* a sholáthar. Tá aerálaí nua feabhsaithe á fháil againn, freisin, mar thaca d'othair i mbaol báis. Tá am ainmnithe leithdháilte againn ar an Altra Réamh-mheasúnaithe, d'fhonn an réimse cúraim othair seo a fheabhsú.

LÁR-CHEANNACH AGUS STÓRAS – 2004

Oifigeach Ceannaigh **Ms. Karen O'Leary**
Oifigeach Soláthair Grád 1V: **Ms. Elaine Quinlan**
Oifigeach Soláthair Grád D **Mr. Michael Collins**

Gníomhaíocht
Ag ceannach don Ospidéal agus ag fáil Luach ar Airgead.
Ag coinneáil stoic choitianta don ospidéal agus á eisiúint de réir mar is gá.

	2003	**2004**
Coigilteas Bliantúlaithe (€)	€24,330	€ 223,637
Coigilt Bhliantúil %	2%	13%
% den Cheannach Lárnaithe	48%	40%
Eisiúintí Seachtainiúla Stoic	471	442
Luacháil Stoic	€ 73,000	€76,650
Stoc Críon	€ 1,500	€1,500

Is coigilteas aonuaire é cuid den choigilt, e.g., coigilt ar Threalamh Caipitiúil. Coigilteas carntha a bhíonn i mbunús an choigiltis, i.e., leanann sé ó bhliain go bliain, cé nach gcuirtear i bhfigiúirí na chéad bliana eile é.

Is é € 913,399 coigealtas carntha 1999 – 2004, i.e. 13% den Lár-Cheannach go dtí seo.

Seirbhísí Nua/Tionscnaimh

- Tús curtha le síneadh don Roinn Stórais.

- Tionscnaíodh córas rathúil chun dramhaíl cairtpháir a thabhairt ar shiúl.

Saincheisteanna Suntasacha

- Bhí cur isteach ar imeachtaí Ceannaigh agus Eisiúna le linn obair tógála, nuair a laghdaíodh an spáis a bhí ar fáil.

- Cuidigh feabhsuithe i TFC agus úsáid bhreise den Inlíon le héifeacht an cheannaigh.

oooo0oooo

AN TAONAD CÚRAIM LAE – 2004

BAC2 Gníomhach: **Ms. Joyce Ryan**
BAC1 Gníomhach: **Ms. Joan Meaney**

Gníomhaíocht

- Míochaine – Imscrúduithe Míochaine & Seisiúin Theiripeacha.
- Máinliacht – Ainéistéitic ghinearálta agus logánta, etc.
- Gínéiceolaíocht
- Ionscópacht – ionscópact *G.I.*, bithóipsí Diagnóiseacha agus Teiripeacha & Aenna agus Broncascópachtaí.
- Máinliacht Bhéil/Mhascaill (Gnáthothair, agus othair an Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála – othair CNCC).
- Bainistiú Péine (Gnáthothair agus othair CNCC).

Seirbhísí Nua/Tionscnaimh

- Creidiúnú: tugadh isteach pleananna na Roinne um Fheabhsú Caighdeán.
- Amharclann Lae: Líníodh na ballaí le luaí d'fhonn iad a chosaint ó radaíocht.
- Tosaíodh ar C-Ghéag a úsáid le haghaidh gnáthaimh Bainistithe Péine.
- Cuireadh fad leis na huaireanta oscailte chun freastal ar othair Bhéil/Mhascaill a atreoraíodh ón gCiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála.

Chuaigh Ms. Joyce Ryan ar scor i Nollaig 2004. Gabhaimid buíochas léi as a seirbhís dhiongbháilte agus guímid scor fada sona uirthi.

Lean iasacht Ms. Myriam Leahy, BAC2, mar Chomhordaitheoir Bealaí Cúraim. Ba chéim an-suntasach sa phróiseas Creidiúnaithe í forbairt na mBealaí Cúraim.

oooo0oooo

AN ROINN COTHAITHE SLÁINTE – 2004

Oifigeach Cothaithe Sláinte – Ms. Kim Coughlan

Gníomhaíocht

Foinsí Atreoraithe	Líon Atreoruithe	% Atreoruithe
Othair Chónaithe	104	69.3
Eisothair	19	12.7
Pobal	16	10.7
Foireann	11	7.3
Iomlán	**150**	**100.0**

Tionscnaimh Nua

- Ghnóthaigh Ospidéal Nmh. Eoin Dámhachtain Leibhéal an Airgid sa Ghréasán Eorpach d'Ospidéil atá Saor ó Thobac. Eagraíodh ceistneoir féin-mheasúnaithe agus iniúchadh ar an mbeartas um chaitheamh tobac, mar thaca don dámhachtain.
- Cuireadh cainteanna eolais faoin mBeartas i leith Caithimh Thobac ar fáil don fhoireann, i dtaca leis an gCosc Náisiúnta ar Chaitheamh Tobac san Ionad Oibre.
- Tosaíodh ag obair ar an gCainéal TF um Oideachas Othair.
- Glacadh páirt i gCúrsa um Chúntóir Cúraim Sláinte *Fetac NVQ* ar an 25ú Bealtaine agus an 1ú Meitheamh.
- Éascaíodh dhá ghrúpa éagsúla de *Watch Our Weight Club* a mhair ar feadh 14 seachtain le linn an Earraigh agus an Fhómhair.

Laethanta Oiliúna/Staidéir a cuireadh ar fáil

Oiliúint um Buntacaí Beatha
Oileadh 91 ball foirne ghairmiúla altrais/sláinte-chomhghaolaithe – 16 Cúrsa Soláthróirí Cúraim Shláinte. Oileadh 12 ball foirne na seirbhísí taca – 4 Cúrsa do Shábhálaithe Croí.

Oiliúint um Ghearr-Idirghabhálacha
1 x 4 cúrsa lae – 12 rannpháirtí.

Cúrsa Náisiúnta *Fetac* um Cháilíocht Ghairmiúil do Chúntóirí Cúraim Shláinte
2 grúpa.

Imeachtaí Eile

- Athbhreithníodh Beartas agus Treoirlínte an Ospidéil um Chaitheamh Tobac agus rinneadh monatóireacht ar sháruithe Beartais.
- Leanadh le héascú agus le riarachán cursaí *BLS*.
- Tairgeadh seiceálacha stíl maireachtála ar shláinte pearsanta na Foirne leis an Altra Sláinte Gairme.
- Bhí taispeántais faisnéise le linn na bliana sa phríomhionad fáilte agus/nó i mbialann na foirne & REO/T&É:

AN ROINN MÍOCHAINE – 2004

Máinlianna Comhairleacha

An Dr. C.J. Cronin, An Dr. E. M. T. Mulloy (Cathaoirleach an Bhoird Míochaine)
An Dr. L. Casserly (tiomantas seisiúin – thosaigh 31 Márta 2004)
An Dr. H. Holloway (sealadach/tiomantas seisiúin)

Bhí ard-leibhéil gníomhaíochta arís sa Roinn Míochaine i rith 2004 uile. Ghin T&É bunús na n-othar géarchúraim isteach. Bhí seirbhís an-ghnóthach Eisothar ann, freisin, le dhá Chlinic Ghinearálta Míochaine Eisothar sa tseachtain. Cuimsíonn an tAonad Measúnaithe Cairdiach tástáil aclaíochta d'othair chónaithe agus d'eisothair, agus monatóireacht soghluaiste ar bhrú fola agus monatóireacht *ECG*. Lean an Dr. Molloy agus an Dr. Cronin dá dtiomantais fo-speisialtachta in Ospidéal Réigiúnach an Mheán-Iarthair, trí sheisiún an ceann sa Mhíochaine Riosparáide agus sa Neifreolaíocht, faoi seach.

Ba é ceapadh an Dr. Liam Casserly mar Neifreolaí Comhairleach agus mar Mháinlia Ginearálta, mórfhorbairt 2004 sa Roinn. Tá tiomantas sé sheisiún sa Neifreolaíocht aige d'Ospidéal Réigiúnach an Mheán-Iarthair agus cúig sheisiún Gnáth-Mhíochaine aige d'Ospidéal Nmh. Eoin. Tá sé rannpháirteach in uainchlár glao-dhualgais na Máinlianna in Ospidéal Nmh. Eoin.

Osclaíodh an tAonad Measúnaithe Míochaine i 2003 agus cuireann sé cúram míochaine soghluaiste ar fáil ar bhonn leanúnach. Tionscnamh an-rathúil a bhí anseo agus lig sé dúinn scaoileadh as T&É, othair a nglacfaí isteach leo roimhe seo. Tig cúram breise a dhéanamh díobh ar bhonn laethúil, más gá, san Aonad Measúnaithe Míochaine. Tig othair chónaithe a scaoileadh níos luaithe agus ligean dóibh filleadh ar an Aonad Measúnaithe Míochaine do thorthaí aon imscrúdúithe a rinneadh. Ba chabhair í seo chun am cónaithe san Ospidéal agus an brú ar an Roinn Eisothar, freisin, a laghdú. Táthar ag súil leis an Aonad Measúnaithe Míochaine a fhorbairt a thuilleadh amach anseo leis na hacmhainní is gá.

Bhronn Bord Creidiúnaithe Sheirbhísí Ospidéil na hÉireann stádas Creidiúnaithe ar an Ospidéal don tréimhse trí bliana ó Dheireadh Fómhair 2003 go Deireadh Fómhair 2006. Bhí an fhoireann mhíochaine bródúil as a bheith páirteach san iarracht idirdhisciplíneach seo. Ba é Ospidéal Nmh. Eoin an chéad ospidéal poiblí in Éirinn a bhain an dámhachtain seo amach. Oibrímid go dlúth lenár comhghleacaithe sa roinn Cóigisíochta, freisin, agus ghlacamar páirt i roinnt staidéar agus iniúchtaí taighde ar oideachas agus eolas na n-othar faoina réim cógas. Mar chuid den mholadh le haghaidh Creidiúnaithe, ailíníodh an áis ADC/ACC as an nua agus tugadh isteach teileamhéadracht ar fud an ospidéil (a lig d'othair sa bharda monatóireacht chairdiach a fháil ó lárcheantar rialaithe san ADC/ACC).

Glacann an Roinn Míochaine páirt an-mhór san oiliúint iarchéime. Tagann ár nInteirnigh Mhíochaine chugainn ó COBÁC/Ospidéal an Mater. Déanann ár OSS uainíocht ó Scéim Oiliúna OSS Míochaine an Mheán-Iarthair. Déantar uainíochtaí dúinn, freisin, ó Scéim Oiliúna GD an Mheán-Iarthair.

Tacaíonn an Roinn Míochaine go hiomlán leis an bhFeachtas Tiomsaithe Airgid ag Cairde Ospidéal Nmh. Eoin, chun airgead a thiomsú le haghaidh Scanóir *C.T.* d'Ospidéal Nmh. Eoin.

oooo0oooo

SEIRBHÍS ALTRANAIS – 2004

Stiúrthóir Altranais:	**Ms. Kay Hogan**
Stiúrthóirí Cúnta Altranais:	**Mrs. Audrey Hanrahan**
	Ms. Mary Carey (Márta 2004)
Bainisteoir Altraí Cliniciula 111:	**Ms. Kathleen Lynch**

Bhí an-chuid forbairtí altranais ann i 2004, go háirithe san oiliúint agus oideachas. I measc buaicphointí 2004 bhí:

Bainistiú Péine
Thosaigh Ms. Patricia Moloney mar Altra Rialaithe Péine i Samhain. Cuimsíonn an ról seo trí phríomhréimse – Bainistiú Cliniciúil, Oideachas agus Iniúchadh. Thosaigh Patricia a M.Sc. i mBainistiú Péine i nDeireadh Fómhair 2004.

Ardoiliúint i dTacaí Beatha Cairdiacha (ATBC)
Reáchtáil Ms. Michelle Fitzpatrick, atá ina teagascóir ATBC, seisiúin scileanna praiticiúla d'fhonn réamhradharca ATBC a sholáthar d'altraí/dochtúirí agus tuiscint níos fearr a chinntiú faoina bhfuil le déanamh, má tharlaíonn éigeandálacha fíorshaoil den chineál céanna i suíomh ospidéil. Ba chabhair iad na seisiúin seo chun an scanradh a bhaineann le stad cairdiach a dhíbirt agus chun go dtuigfeadh daoine an tábhacht agus an gá atá le ATBC pras. Ag deireadh an fhómhair, thosaigh Michelle ag comhordú an Cúrsa Soláthróra um Ardoiliúint i dTacaí Beatha Cairdiacha, a chuirfeadh ar chumas seisear ball foirne déag oiliúint a fháil ag gach seisiún dhá lá. Tá an cúrsa seo creidiúnaithe ag Cumann Croí Mheiriceá agus ag Foras Croí na hÉireann, agus is cáilíocht ardghradaim é a aithnítear go hidirnáisiúnta. Is éacht mór d'Ospidéal Nmh. Eoin é, go n-aithnítear go bhfuil an cumas is gá ag a fhoireann chun an cúrsa seo a chur ar fáil. Tá sé mar aidhm le hoiliúint ATBC, treoir, cleachtadh agus oiliúint shoiléir a sholáthar in ardbhainistiú na dteagmhas atá bagrach don bheatha agus a tharlaíonn gan choinne.

Cúrsa Náisiúnta um Cháilíocht Gairmiúil* Fetac *do Chúntóirí Cúraim Sláinte:
Rinne ochtar Cúntóirí Cúraim Sláinte an cúrsa seo i 2004. Thosaigh triúr eile é i Nollag 2004.

Monatóireacht ar Ghlúcós Fola:
Suiteáladh *Precision PCx,* chun caighdeáin a fheabhsú, so-úsáid a lamháil agus torthaí cruinne a sholáthar. Bíonn níos lú fola de dhíth le haghaidh tástála. Rialaíodh na caighdeáin inmheánacha go laethúil agus na caighdeáin sheachtracha ar bhonn 6-8 seachtaine. Méadar boise atá ann agus is gá é a íoslódáil gach 24 uaire chun na sonraí a aistriú chuig córas faisnéise na saotharlainne. Tugadh oiliúint don fhoireann altranais uile sular suiteáladh an córas, d'fhonn inniúlacht a chinntiú.

Naisc lenár gComhpháirtithe sa Phobal:
Reáchtáladh Fóram Oideachais um Bainistiú Othrasú Coise in Aibreán 2004, agus athreáchtáladh ina dhiaidh sin é de bharr ábharthachta, oiriúnachta, agus éilimh. Rinne ár Mainlia Soithíoch, Mr. Paul Burke, agus Ms. Veronica O'Connor, BAC1 an fóram a éascú. Reáchtáil ár nAltraspeisialtóirí Cliniciúla uile sna réimsí seo - Diaibéiteas, Cúram Riosparáide, Bainistiú Coinneálachta, Rialú Ionfhabhtaíochta agus Cothú Sláinte – seimineáir agus saotharlanna éagsúla sa phobal agus chothaigh siad naisc láidre, dá réir, idir ospidéal agus pobal.

oooo0oooo

AN ROINN SLÁINTE CEIRDE – 2004

Altra Sláinte Ceirde – Ms. Maura O'Connor
Oifigeach Sláinte Ceirde – An Dr. Liam Holmes (seisiúnach)

Gníomhaíocht 2004	
Líon Iomlán Foirne Feicthe	**355**
Obair-bhainteach	288
Neamh-obairbhainteach	67
Feachtas Vacsaín Fliú	
Piocúlacht Iomlán	43
Foireann Tosaigh	36
Eile	7
Seiceáil Sláinte Stíl Mhaireachtála	
Freastal Iomlán	93
Comhairle Shláinte Iarrtha	63
S.G. Leantach	7
Atreorúcháin chuig G.D.	7

Tionscnamh Nua i 2004
Faireachas Sláinte Riosparáide i gcomhair na foirne a oibríonn le *Perasafe* agus *3Ezyme.*
Forfheidhmíodh Treoirlínte Céad Chabhrach ag Obair agus tugadh oiliúint don fhoireann ábhartha.

Cuireadh laethanta oiliúna/staidéir ar fáil
Freastal ar an Idirghabháil i nGéarchéim Neamh-Fhoréigneach = 45 (9 rang).
Víris Fuiliompartha (freastal ar oiliúint faoi fheasacht ar ghéaráin).
Freastal ar Oiliúint faoi Shláinte agus Sábháilteacht Oifige = 10 (4 rang).
Oiliúint faoi Ionduchtú Dochtúir Ospidéil Neamh-Chomhairligh agus faoi Víris Fuiliompartha.

Forbairt Ghairmiúil:
Freastlaíodh ar Chlár Forbartha 8 lá d'Altraspeisialtóirí Cliniciúla.
Cruinniú X 1 den Ghrúpa Réigiúnach Gairme.
Comhdháil na nAltraí Sláinte Gairme.

oooo0oooo

AN ROINN PAITEOLAÍOCHTA – 2004

Paiteolaithe Comhairleacha: An Dr. Peter N. Faul, Histeapaiteolaí Comhairleach

(Tiomantais sheisiúnacha) An Dr. Maeve Leahy, Haemaiteolaí Comhairleach
An Dr. Kanthi Perera, Haemaiteolaí Comhairleach

Gníomhaíocht
Léiríonn staitisticí faoin ngníomhaíoch iomlán sa tSaotharlainn, méadú de 3% ar leibhéil 2003. Thángthas ar chomhaontú le Saotharlann Réigiúnach an Mheán-Iarthair go ndéanfadh siad na tástálach a phróiseáil nach bhfuil ar fáil ar an láthair.

Seirbhísí/Tionscnaimh Nua
Leanadh le ceannach an trealaimh Saotharlainne i 2004. Trí threalamh a cheannach, bhíothas in ann seirbhís bhithcheimice níos cuimsithí a sholáthar ar an láthair; dá thoradhsan bhí amanna slánúcháin níos tapúla ann le haghaidh tástálacha Inchríneolaíochta agus eile.

Tosaíodh ar roinnt tionscnamh Feabhsaithe Caighdeán mar ullmhú do chreidiúnú *CPA*.

Ceapacháin
Ceapadh Donncha McCarthy ina Phríomh-Eolaí Míochaine i Meán Fómhair 2004.

Scor
D'éirigh Nora Fletcher as a post mar Phríomh-Eolaí Míochaine in Aibreán 2004. Chaith Nora cúig bliana is fiche ag fónamh ar phobal Luimnigh, trína cuid oibre in Ospidéal Nmh. Eoin. Guímid scor fad sona uirthi.

	2004			2003		
Iarratais	**Othar Cónaithe**	**Eisothair**	**Iomlán**	**Othar Cónaithe**	**Eisothair**	**Iomlán**
Haemaiteolaíocht	11,691	31,765	43,456	9,724	32,030	41,754
Bithcheimic	21,517	70,591	92,108	20,556	69,082	89,638
Micri-bhitheolaíocht	2,374	1,805	4,179	2,482	1,729	4,211
Histeolaíocht/ Cíteolaíocht	2,299	496	2,795	2,339	483	2,822
Tástálacha Seachtracha	995	4,338	5,333	1,136	3,711	4,847
Iomlán Tástálacha	**38,876**	**108,995**	**147,871**	**36,237**	**107,035**	**143,272**

oooo0oooo

AN ROINN CÓGAISÍOCHTA – 2004

Príomh-Chógaiseoir: **Geraldine Creaton**
Cógaiseoir Sinsearach: **Bernadette Harnett**
Cógaiseoir Taighde: **Stephen Byrne**
Teicneoir Cógaisíochta: **Sarah Coughlan**

Gníomhaíocht

Mhéadaigh gníomhaíocht sa Chlinic *Warfarin* de 33% i 2004 i gcomparáid le 2003. Cé go bhfeictí bunús na n-othar le linn clinicí an Mháirt agus Déardaoin, ba ghá othair a fheiceáil ar laethanta eile, freisin.

Léirigh iniúchtaí le linn na bliana gur tháinig feabhsú ó 91.8% go 92.3% ar dháileadh drugaí neamhstoic laistigh de 30 nóiméad tar éis ordú scríofa a fháil sa chógaslann.

Cuireadh páipéir thaighde dár teideal *'Hitting the target INR – mission impossible!'* (B. Harnett, S. Byrne, C.J. Cronin, E. Mulloy, G. Creaton) agus '*Are we just confusing patients with information?'* (S. Byrne, G Creaton, B Harnett, C.J. Cronin, E. Mulloy, S. O'Sullivan) i láthair Chumann Eorpach na Cógaisíochta Cliniciúla.

Cuireadh postaeir leis na húdair chéanna maidir le *'Managing a newly established warfarin clinic'* agus '*BNF Warnings - Can Patients Read and Understand Them?'* i láthair ag comhdháil bhliantúil Chumann Cógaiseoirí Ospidéil na hÉireann.

Cuireadh dhá phostaeir eile dár teideal '*What should we educate patients about?'* agus '*Familiarity breeds Contentment! (Patient Drug Awareness Project a Success')* i láthair ag Comhdháil na nOllscoileanna Thuaidh/Theas, in Ollscoil na Ríona, Béal Feirste agus ag comhdháil Cumann Caighdeán & Sábháilteachta i gCúram Sláinte na hÉireann (CCSCSÉ) faoi seach.

Tá cógaiseoir cliniciúil ag cur léachtaí sa chógaseolaíocht ar fáil i gcónaí do mhic léinn altranais, idir mic léinn atá ag 'rochtain ar chéim' agus micléinn 'céime' in Ollscoil Luimnigh, ar feadh na bliana acadúla.

Tionscnaimh Nua

Cógaisíocht Chliniciúil
Cuireadh Seirbhísí Cógaisíochta Cliniciúla ar fáil don Dr. Liam Casserly nuair a ceapadh san ospidéal é. Freastlaíonn Cógaiseoir cliniciúil ar thurais bharda dhá uair sa tseachtain.

Bainistiú Péine
Freastlaíonn cógaiseoir cliniciúil anois ar an gclinic péine gach Luain leis an Dr. Brendan Conroy; athbhreithníonn sé na hothair ó thaobh a gcógas de roimh a gcoinní leis an Dr. Conroy, agus oileann iad de réir mar is gá. Éascaítear fiosruithe faisnéise faoi dhrugaí a bhaineann le bainistiú péine, freisin.

Taighde
Tá taighde faoi bhainistiú péine mar théama don tionscadal taighde reatha i gCógaisíocht Chliniciúil atá lonnaithe in Ospidéal Nmh. Eoin, faoi mhaoirsiú Choláiste Ollscoile Chorcaí. Tá Geraldine Creaton agus Noreen Collins ina mbaill den Ghrúpa Taighde i gCúram Cógaisíochta ag Coláiste na hOllscoile, Corcaigh.

Saincheisteanna Suntasacha
- Ceapadh Geraldine Creaton mar bhall de Choiste Comhairleach na Scoile Cógaisíochta i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh.
- Tá Céim Mháistir 2 bliain sa Chógaisíocht Chliniciúil tosaithe ag Bernadette Harnett.
- Tá staidéar tosaithe ag Noreen Collins chun cáiliú mar speisialtóir cógaisíochta frith-théachtaigh.
- Tá a téarma mar bhall de Chomhairle Chumann Cógaisíochta na hÉireann críochnaithe ag Geraldine Creaton.

Ceapachán
Ceapadh Noreen Collins mar Chógaiseoir Taighde do thréimhse 3 bliain (2004-2007).

Tháinig deireadh le saothar an Dr. Stephen Byrne mar Thaighdeoir Cógaisíochta i 2004. Bhog sé go Coláiste Ollscoile Chorcaí, mar ar ceapadh é ina Léachtóir sa Chógaisíocht Chliniciúil. Tá dlúthbhaint i gcónaí aige le hOspidéal Nmh. Eoin, trína chómhaoirsiú leis an Ollamh Julia Kennedy as COC ar an Ph.D. sa Chógaisíocht Chliniciúil.

oooo0oooo

AN ROINN FISITEIRIPE – 2004

Bainisteoir Fisiteiripe: **Martina Ryan**
Fisiteiripigh Shinsearacha: **Dorothea Tucholski and Carmela Conroy (jabroinnt)**
Fisiteiripeach: **Eswari Kumar (ionadaí)**

Gníomhaíocht

Arís, ba í príomhghníomhaíocht na roinne fisiteiripe sa bhliain atá caite, seirbísí a sholáthar d'othair chónaithe agus d'eisothair, araon. Tháinig méadú ar an éileamh ar chóireáil d'eisothair agus brú breise dá réir ar an roinn. Tá na Cóireálacha ag éirí níos casta agus tá an gá le seirbhísí speisialtóra ag fás.

Mórfhoinsí Atreorúcháin na nOthar Fisiteiripe		
	2004	**2003**
Roinn T/É	428	461
REO ORMI (Othair a chéad-chonacthas in Ospidéal Nmh. Eoin)	176	91
REO	144	134

Seirbhísí Nua

Mar a luadh i dtuairiscí roimhe seo, tá géarghá le feabhsú na seirbhísí reatha agus le nuasheirbhísí a fhorbairt sa roinn seo. Tá bac á chur ar na hiarrachtaí is fearr dár gcuid chuige seo, toisc ganntanas foirne agus easpa spáis.

Tá dianchúrsa páirt-aimseartha críochnaithe ag Ms. Carmela Conroy, Fisiteiripeach Sinsearach i gCúram Coinneálachta, mar fhreagra ar an éileamh ar fhisiteiripe i réimse Shláinte na mBan. B'ábhar buartha don roinn le fada é, an t-easpa speisialtóra fisiteiripe sa réimse seo.

Saincheisteanna Suntasacha

- Fisiteiripeach a sholáthar sa Chlinic Péine nuair a bheidh dóthain foirne ann chuige. Ba mhaith linn a bheith in ann an réimse seo a fhorbairt agus seirbhís chuimsitheach a chur ar fáil d'othair.

- Tá an tSainchlinic Fisiteiripe i Sláinte na mBan sceidealta le tosú i 2005, má bhíonn foireann ann chuici. Beidh rochtain ar sheirbhís speisialtóra ar an láthair, anois, ag othair a atreoraíodh cheana chuig speisialtóirí i bhfad ó bhaile.

SONRAÍ GNÍOMHAÍOCHTA

	2004	**2003**
Atreorú Othar Cónaithe	795	1,323
Cóireáil Othar Cónaithe	9,896	9,373
Atreorú Eisothar	246	265
Cóireáil Eisothar	3,597	2,936
Freastal Iomlán	5,680	5,168
Iomlán Cóireálacha	13,493	12,309

oooo0oooo

AN ROINN RAIDEOLAÍOCHTA – 2004

Raideolaí Comhairleach: An Dr. Alissa Connors (Deireadh Fómhair 2004)
An Dr. N. Hofmeyr (ionadaí go dtí 30 Samhain 2004)

An Dr. J. Crotty, Raideolaí Comhairleach (tiomantas seisiúnach)

Bainisteoir Seirbhísí Raideolaíochta: Mr. Liam Murray

Tháinig méadú leanúnach ar na leibhéil ghníomhaíochta, le go leor athruithe i raon agus i gcineál na scrúduithe. D'éascaigh ceannach inneall ultrafhuaime i mí Aibreáin raon níos leithne scrúduithe agus ualach oibre ultrafhuaime breise. Ceannaíodh dianaitheoir íomhá C-ghéige nua, freisin, chun forleathnú na clinice faoilte péine a éascú. De bharr ceapadh comhairleoirí le leasanna diagnóiseacha níos leithne, is gá ionchur níos mó ón raideolaí agus tá impleachtaí móra do sheachadadh seirbhísí ag an athrú cleachtais seo.

Bhí príomhról arís ag na Treoirlínte agus prótacail atreoraithe inár gcumasú chun leanúint ag íoslaghdú líon na scrúduithe mí-oiriúnacha agus freastal ar na nua-éilimh méadaithe. Is é 24,692 othar (29,202 scrúdú) an líon tréchur roinne is mó go dtí seo. Bhí tionchar ag an éileamh méadaithe ón gclinic mionghortuithe, agus ag na athruithe san fhoireann mhíochaine i T&É, ar an ualach oibre. Tá an t-éileamh intí measartha seasmhach agus inláimhsithe, ach tá na hatreoruithe ó chlinicí, ón mbarda lae agus ó T&É ag méadú.

Ghlac an Dr. Alissa Connors le post mar Raideolaí Comhairleach i nDeireadh Fómhair 2004. Tá tiomantas d'ocht seisiún ag an Dr. Connors le hOspidéal Nmh. Eoin, agus trí sheisiún le hOspidéal Réigiúnach an Mheán-Iarthair (ORMI). Tá tiomantas de thrí sheisiún ag an Dr. James Crothy le hOspidéal Nmh. Eoin d'fhonn trí sheisiún an Dr. Connors in ORMI a chómhalartú. D'éirigh Ms. Kathleen Blackwell as a post le linn na bliana agus tháinig Ms. Mary Fitzgearald chugainn ó Ospidéal Réigiúnach an Mheán-Iarthair, áit a raibh sí mar Speisialtóir Clinice sa mhamagrafaíocht. Scoir an Dr. Nicholas Hofmeyr dá fhostaíocht ionadaíoch i Meán Fómhair.

STAITISTICÍ X-GHATHAITHE		
	2004	***2003***
Staidéir Bhairiam	350	340
Codarsnachtaí Eile	124	124
Ultrafhuaimeanna	3,562	3,174
Cliabhrach/Bolg	9,806	8,870
Cnámharlach	14,849	13,601
Ilghnéitheacha	139	43
Iniompartha/Amharclainne	372	242
IOMLÁN **Othair** **Scrúdúcháin**	 **24,692** **29,202**	 **22,286** **26,394**

oooo0oooo

AN ROINN MÁINLIACHTA – 2004

Máinlianna Comhairleacha

Mr. P.E. Burke, Mr. R.M. Keane

Bhí na leibhéil ghníomhaíochta sa Roinn Máinliachta mórán mar a bhí sna blianta roimhe seo. Bhí claonadh leanúnach ann líon níos mó cásanna idirmheánacha agus níos casta a dhéanamh i suíomh an bharda lae. Ba iad máinliacht ghastraistéigeach, máinliacht shoitíoch agus máinliacht bhrollaigh, na príomhréimsí gníomhaíochta máinliachta. Tá an Roinn Máinliachta freagrach, freisin, as céatadán mór de na gnáthaimh ionscópachta a dhéantar san ospidéal.

I dtreo dheireadh 2004, fuaireamar cead le clinic inmharthanachta fíocháin a bhunú. Tá altraspeisialtóir cliniciúil le ceapadh a dhéanfaidh maoirsiú ar bhainistiú foriomlán altranas na n-othar uile a bhfuil othrais fhéitheacha agus cnéacha eile acu ar féidir bainistiú níos fearr a dhéanamh orthu ar bhonn eisothair. Feidhmeoidh an duine seo mar Comhordaitheoir agus Oifigeach Tadhaill, freisin, idir na haltraí sa phobal agus an Ospidéal. Tógadh clinic speisialta chuige seo i limistéar na nEisothar, a bhuí le tacaíocht Chairde Ospidéal Nmh. Eoin. Ó thaobh soláthar seirbhísí brollaigh, tá máinlia brollaigh nua, Ms. Anne Merrigan, ceaptha d'Ospidéal Réigiúnach Luimnigh agus d'Ospidéal Nmh. Eoin agus tá sí le dul i mbun poist ar an 1 Eanáir 2005. Beidh 3 seisiún ag Ms. Merrigan in Ospidéal Nmh. Eoin a chuimseoidh 1 Seisiún Amharclainne, 1 Seisiún Barda Lae agus clinic Eisothar gach dara seachtain. Ligfidh a ceapachán d'Ospidéal Nmh. Eoin méadú a dhéanamh ar an leibhéal agus ar chastacht na máinliachta brollaigh a dhéantar.

I bhforbairtí feasta is cosúil go mbeidh Ospidéal Nmh. Eoin chun tosaigh i gcónaí ag comhoiriúnú teicnící laparascópacha do ghnáthaimh mháinliachta nua. Réimsí eile ina mbeidh forbairt, b'fhéidir, ná gnáthaimh chóireála d'fhéithe borrtha nach bhfuil chomh hionrach is a bhí, i gcás othar aosta ach go háirithe.

oooo0oooo

OSPIDÉAL NMH. EOIN

STAITISTICÍ OTHAIR DON BHLIAIN DÁR CHRÍOCH 31ú NOLLAIG, 2004

	2004	2003
AN LÍON IOMLÁN OTHAR CÓNAITHE A CÓIREÁLADH	3,964	3,716
LÍON IOMLÁN NA LAETHANTA LEAPA	27,544	27,547
CÉATADÁN LONNAITHEACHTA	85.4	86.5
MEÁNFHAD CÓNAITHE (LAETHANTA)	6.95	7.41

OTHAIR CHÓNAITHE AGUS LAETHANTA LEAPA DE RÉIR CATAGÓIR MÍOCHAINE

	OTHAIR		LAETHANTA LEAPA		Meánfhad cónaithe (laethanta)	
CATAGÓIR	**2004**	**2003**	**2004**	**2003**	**2004**	**2003**
MÍOCHAINE	2,266	1,993	18,597	17,750	8.21	8.91
MÁINLIACHT	1,306	1,250	7,722	7,977	5.91	6.38
GÍNÉICEOLAÍCHT	392	473	1,225	1,823	3.13	3.85
IOMLÁN	**3,964**	**3,716**	**27,544**	**27,550**	**6.95**	**7.41**

OTHAIR CHÚRAIM LAE

	2004	2003
MÍOCHAINE	1,970	1,144
MÁINLIACHT	1,514	1,496
GÍNÉICEOLAÍCHT	350	362
BAINISTIÚ PÉINE	279	212
MASCALL	198	170
IOMLÁIN	**4,311**	**3,384**

OBRÁIDÍ

	2004	2003
PRÍOMH-AMHARCLANNA	1,602	1,644
AMHARCLANNA LAE	1,701	1,665
IOMLÁIN	**3,303**	**3,309**

CLINICÍ EISOTHAIR & TAISMÍ						
	2004			2003		
FREASTAL AR CHLINICÍ	**NUA**	**FILLEADH**	**IOMLÁN**	**NUA**	**FILLEADH**	**IOMLÁN**
MÍOCHAINE & CAIRDIACH	480	3,274	3,754	499	2,840	3,339
GÍNÉICEOLAÍOCH	554	1,431	1,985	573	1,439	2,012
MÁINLIACH	1,343	2,071	3,414	1,236	1,982	3,218
C.S.S. (*E.N.T.)*	626	585	1,211	547	610	1,157
PÉIDIATRAICEACH	135	275	410	125	349	474
BAINISTIÚ PÉINE	122	234	356	119	245	364
IOMLÁIN	3,260	7.870	11,130	3,099	7,465	10,564
TAISMÍ (cóiriú san áireamh)	**18,124**	**2,481**	**20,605**	**17,048**	**3,278**	**20,326**

FISITEIRIPE, FLEIBEOTAIME AGUS STAITISTICÍ X-GHATHAITHE						
	2004			2003		
	OTHAIR CHÓNAITHE	**EISOTHAIR**	**IOMLÁN**	**OTHAIR CHÓNAITHE**	**EISOTHAIR**	**IOMLÁN**
CÓIREÁLACHA FISITEIRIPE	9,896	3,597	13,493	9,373*	2,936*	12,309*
FLEIBEOTAIME	11,346	28,217	39,563	12,535	31,618	44,153
X-GHATHÚ	4,132	25,070	29,202	3,785	22,610	26,395

* Léiríonn na figiúir laghdú de bharr deacrachtaí ag earcú foirne ionadaíche

OSPIDÉAL NMH. EOIN

FOIREANN MHÍOCHAINE SHINSEARACH – 2004

LIANNA	Cornelius J. Cronin, MB, BCh, FRCPI Eithne M.T. Mulloy, FRCPI *Liam Casserly, MB, MRCPI Heather Holloway, FRCPI (seisiúnach sealadach)
COMHAIRLEOIR T&É	*Gareth Quin, MRCPI, FRCS(Ed), FFAEM
MÁINLIANNA	Paul E. Burke, BSc, MD, FRCS, FRCSI Raphael M. Keane, BA, MCh, FRCSI
MÁINLIA C.S.S.	*Kevin P. Manning, LRCP & SI, FRCSI, FRCS
MÁINLIA BÉIL & MASCAILL	*Gerard J. Kearns, MB, B.Dent.Sc, FDS, FFD, FRCS
RAIDEOLAÍ	Alissa Connors, MB, B.Ch. BAO, FFR, RCSI (D.Fómh. 2004) Nicholas G. Hofmeyr, FCP(SA), FF Rad. (D)(SA) (ionadaí) *Jim Crotty, MB, Dip. ABR (USA), Dip ABNM (USA)
PAITEOLAÍ	Peter N. Faul, MD, MRCPI, MRCPath. *Maeve Leahy, MD, FRCP, FRCPath.
GÉINÉICEOLAITHE	Catherine M. Casey, MRCOG, MRCPI, Dip.PST, DCH *Una Fahy, MD, MRCOG
AINÉISTÉISIGH	Joseph G. Lee, MB, MS, FFARCSI Brendan Conroy, MB, FFARCSI Fasih Khan, MB, BS, FFARCSI (sealadach) *John Kennedy, MB, FFARCSI *P.J. Breen, MB, FFARCSI *Richard McEllistrem, MB, FFARCSI
LEANBHLIA	*Liam P. Carroll, MB, BCh, BAO, MRCP. (U.K.)
OIFIGÍ THAISMÍ (BHUANA)	Morgan Costelloe, MB, BCh, BAO Ursula Whelan-Burke, MB, BCh, BAO, DCh, D.Obs.

* Cuireanna seo in iúl tiomantais sheisiúnacha na gComhairleoirí a bhfuil conarthaí acu le Bord Sláinte an Mheán-Iarthair.

Ospidéal Nmh. Eoin

Ráitis Airgeadais

Is cóip iomlán agus fíor é seo a leanas de na Ráitis Airgeadais Iniúchta don bhliain dár chríoch 31ú Nollaig, 2004.

Iniúchóirí an Ospidéil: **Grant Thornton**
Cuntasóirí Cairte & Iniúchóirí Cláraithe